# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

04 Bealtaine 2023 || Eagrán 145

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga



**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**









# CLUB RÉALTEOLAÍOCHTA

Tá club nua bunaithe i gColáiste Cholmcille le cúpla seachtain - club réalteolaíochta. Bhunaigh Julia Devane agus Anna Ní Fhlatharta an club. Tá an-suim ag Julia agus Anna i gcúrsaí réalteolaíochta agus bheartaigh siad an club a bhunú chun a gcuid saineolais a roinnt. Tagann siad le chéile ag am lóin chuile Mháirt sa seomra eolaíochta. Tagann daltaí isteach le pictiúir, pléitear iad agus déantar anailís orthu. Labhraíonn siad ar na scamaill oíchelonracha, réalta reatha, dreigechith agus neart ábhair eile a bhaineann leis na réalta.





# ÉISTEACHTAÍ ROS NA RÚN

Beidh éisteachtaí á reáchtáil ag Ros na Rún go luath! Beidh foireann an chláir ag taisteal timpeall na tíre sa tóir ar aisteoirí nua. Tá meascán de rólanna difriúla i gceist, idir fhir agus mhná atá os cionn 18 mbliana d’aois. Má tá suim agat éisteacht a dhéanamh seol ríomhphost chuig leiriuchain@rosnarun.com nó glaoigh ar 091 558400






Ióga Vinyasa
Déardaoin 6:30 - 7:45pm
Súil Eile Space, Bearna
www.sruthyoga.com


# AN BUGAÍ BEOGA




Cuireadh tús leis an mBugaí Beoga le gairid sa Spidéal! Seisiúin aclaíochta, éadrom é seo a thugann deis do dhaoine fásta dreas acalíochta a dhéanamh i gcomhluadar na bpáistí. Tá na seisiúin feiliúnach do thuismitheoirí le gasúir atá níos sine ná 6 seachtaine d'aois. Fáilteofar roimh Mhamaí, Daidí, Mamó, Daideo nó cúramóir. Tá muid ag súil libh a fheiceáil!

# RANGANNA ACLAÍOCHTA

Tá sraith nua de ranganna aclaíochta á reáchtáil ag Christine Cox, a bheas ar siúl ar An Tulach, agus sa Spidéal. Le suim a léiriú sna ranganna, nó le tuilleadh eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277. Cúrsaí a mhaireann sé seachtaine atá i gceist. Beidh rang 'bootcamp' le Christine ar siúl ar an Luan @ 7i.n. agus beidh rang 'pilates' ina dhiaidh @ 8i.n. i Halla na Tulaigh. Ar an Déardaoin, beidh rang ciorcad @ 7i.n. agus rang 'pilates' @ 8i.n.  i Halla Scoil Éinne, sa Spidéal.



# FOLÚNTAS AG TEARMANN ÉANNA

Tá Tearmann Éanna, ar an Tulach, ag cuartú Fáilteoir agus Riarthóir le dul i mbun oibre leis an gcomhlacht a chuireann seirbhísí ar fáil don aosaigh sa gceantar. Tá trí scéim tithíochta i gCois Fharraige faoi chúram Tearmann Éanna agus bíonn Ionad Lae á reáchtáil acu ar an Tulach chomh maith. Is í an Ghaeilge teanga oibre Tearmann Éanna agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is féidir iarratas a sheoladh chuig bainisteoir@tearmanneanna.ie. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Céadaoin 10 Bealtaine @ 4i.n.

Tearmann
Éanna CTR

# DORN SAN AER DO RÓNÁN

D'éirigh go hiontach leis an seisiún a d'eagraigh Ceoltóirí Óga Chois Fharraige do Chiste Tacaíochta Rónáin Mhic Aodha Bhuí i dTigh Mholly le gairid. Bhí an seomra mór ar maos le ceoltóirí agus amhránaithe, idir óg agus aosta. €1,086.50 a bhí sna boscaí ag deireadh na hoíche agus is mór an méid é sin in aon oíche amháin. Orthu sin a bhí ann bhí ceoltóirí agus amhránaithe a bhíodh le cloisteáil go minic ar chláir Rónáin agus ag an gCabaret Craiceáilte agus dar ndóigh ar an gclár iomráiteach a chuireadh tús spleodrach i gcónaí leis an Oireachtas: Rónán Beo ag an Oireachtas. Ba léiriú an slua mór ceoltóirí ar an meas atá ag pobal Chois Fharraige ar Rónán, agus dar ndóigh, chaith Rónán seal ina chónaí sa gceantar. Orthusan a bhí i láthair ag an seisiún bhí deartháir Rónáin, Cuimín Mac Aodha Bhuí agus a bhean Brídín agus deirfiúr le Rónán, Colma Nic Aodha Bhuí. Faraor, tá Rónán go dona tinn agus tá sé thall in Colorado faoi láthair, áit a bhfuil cóir leighis nuálach ach costasach á chur air. Tá súil ag Ceoltóirí Óga Chois Fharraige agus a gcairde go ndéanfaidh a gcuid iarrachtaí maitheas do Rónán.



# SIÚLÓID 'ÉIRÍ NA GRÉINE' - 'DARKNESS INTO LIGHT'




**Ní fada anois go dtí go mbeidh pobal Chonamara ag bailiú le chéile ag éirí na gréine do shiúlóid speisialta de chuid Pieta House. Casfaidh grúpa amháin le chéile ar an gCeathrú Rua maidin Dé Sathairn (6 Bealtaine) ag 4.15r.n. Beidh grúpa eile ag teacht le chéile sna Forbacha - ag fágáil Trá na bhForbacha @ 5r.n. ar an lá céanna. Le clárú don siúlóid, nó le tuilleadh eolais a fháil, is féidir cuairt a thabhairt ar an suíomh www.darknessintolight.ie Tá an ócáid seo ar an bhfód le blianta anois leis na mílte ag glacadh páirt ann bliain i ndiaidh a chéile, thart timpeall na tíre, agus an domhain uilig! Cuirtear an t-airgead a bhailítear i dtreo na seirbhísí a chuireann Pieta House ar fáil dóibh siúd atá i ngéarchéim féinmharaithe nó féindíobhála nó ina bhaol sin, nó fágtha faoi mhéala mar gheall ar chás féinmharaithe. Tá líne cabhrach ag an eagraíocht chomh maith ag 1800 247 247 (24/7, saor ó tháille) nó tá cúnamh ar fáil dóibh siúd atá ag streachailt ach an focal 'HELP' a sheoladh ar théacs chuig 51444.**

# GLANTACHÁN IN INDREABHÁN

Tá sé i gceist ag an bhFochoiste Timpeallachta de chuid Cumann Forbartha Chois Fharraige, daoine a eagrú le glanadh rialta a dhéanamh ar an gcladach ó Abhainn Cruimlinn, chomh fada le Céibh Nua An Spidéil. Tá sé i gceist go nglacfaidh daoine freagracht as cuid den chladach, idir dhá bhóithrín, a choinneáil glanta agus an brúscar a bhailiú go rialta. Tá sé i gceist cruinniú a thabhairt le chéile roimh dheireadh Bealtaine leis na socraithe cuí a dhéanamh. Daoine ar spéis leo a bheith páirteach ina leithéid de scéim leanúnach glantacháin iarrtar orthu é sin a chur in iúl don fhochoiste tré théacs/WhatsApp, a sheoladh ag 087 6738834.

# 'GABHÁIL MHÓNA'

Seoladh taispeántas grianghrafadóireachta nua de chuid Siobhán Ní Dhuinnín agus Dervla Baker ar an gCéadaoin 3 Bealtaine in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, Ros Muc. Mar ghné lárnach den thogra, thug Ríonach Ní Néill, stiúrthóir an togra Baint an Aeir, cuireadh don rinceoir Siobhán Ní Dhuinnín agus don ghrianghrafadóir agus scannánaí Dervla Baker plé a dhéanamh le daoine áitiúla ar an gceist “cad a shamhlófá don phortach?” Thosaigh Siobhán agus Dervla an comhrá seo in éineacht le Mike Breathnach, Máire Ní Chualáin agus Ada Ní Thuairisg. Chaith siad am ar phortaigh Fhionnáin, ar phortach Sheanadh Mhach agus ar phortaigh Chois Fharraige ag cur agallamh ar Mhike, ar Mháire agus ar Ada, a thug dearcadh na nglúnta éagsúla dóibh. D’eascair na grianghraif as na comhráití seo; as na scéalta a d’inis na rannpháirtithe agus as na smaointe a bhí acu maidir leis an bportach.

# CEOLCHOIRM FÉILE JOE ÉINNIÚ



Mick O'Brien & Caoimhín Ó Raghallaigh, Rosie Stewart, Aodán Ó Ceallaigh, Calum MacMillan, Ailean Domhnallach, Liam O'Connor, Jackie Mac Donncha, Nóirín Uí Shúilleabháin, Pól Ó Ceannabháin,PJ Ó hIarnáin, Páraic Ó Flatharta, Conor Connolly, Orla Leavy, MacDara Ó Curraoin, Máirtín Ó Cualáin, Sarah & Ríona Ní Chuirrín, Éadaoin Ní Mhainín, Aising Ní Cheannabháin, Liz & Yvonne Keane, Seán McKiernan, Páraic, Gearóid & Colm Ó Dubháin,Róisín Elsafty

**Ionad Cuimhneacháin na nImirceach**

Dé Sathairn, 6ú Bealtaine

**20:00PM**


Bean an Tí: Róisín Nic Dhonncha

# Blas Meala

Údar & Beachaire

SIMON Ó CRÓINÍN

Ceoltóirí as Ráth Chairn




**TIGH MHOLLY**

**12 Bealtaine**

**@ 8 i.n.**

**Fáilte roimh chách**

á eagrú ag

Club Leabhar Chois Fharraige

clubleabharcf@gmail.com

omhairle Chontae na Gaillimh
Galway County Council

Ciste Spreagtha

Conradh na Gaeilge

Seachtain na Gaeilge le enérgia

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

GALWAY THEATRE FESTIVAL

# LÓCHRANN

## Ag Cruthú Saothair Amharclainne

á chur i láthair ag Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe agus an Comhchoiteann ildisciplíneach Giorria ón 6-7ú Bealtaine 2023.

**Sparánachtaí ar fáil @ €200 do rannpháirtaithe na ceardlainne**



**Dé Sathairn 6ú Bealtaine ón 10r.n. - 12 i.n.**
**Painéal: *Saothair nua Amharclannaíochta Próisis, cleachtais agus mianta***
**Cainteoirí: Beartla Ó Flatharta (Cathaoirleach), Celia de Fréine, Marc Mac Lochlainn, Máiréad Ní Chróinín, Diarmuid de Faoite & Marina Ní Dhubháin**

**Dé Sathairn 6ú Bealtaine ón 2- 5 i.n.**
**Ceardlann: *'Drámaíocht a chruthú as an nua mar ensemble comhchoiteann'* le Marc Mac Lochlainn**



**Dé Sathairn 6ú Bealtaine ag 8:30 i.n. sa Taibhhearc**
**Saothar Idir láimhe: *Feisteas an tSaoil* le Áine Moynihan, Ceol beo le Fergal Mac Amhlaoibh & Louise Foxe. Táille €15/12.**

**Dé Domhnaigh 7ú Bealtaine ón 10r.n. - 1 i.n.**
**Ceardlann: *'Teanga don Stáitse: Script, Stáitse agus Gluaiseacht'* le Diarmuid de Faoite**



**Áit: Ionad Uí Dhonnadhcha, Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Taibhléirithe, Ollscoil na Gaillimhe.**

**Cead isteach/Costas: Saor in aisce do gach Imeacht seachas *Feisteas an tSaoil.***

**Is féidir cur isteach ar an ócáid ach foirm iarratais gairid a líonadh isteach & cliceáil an nasc anseo ag: https://forms.gle/DDj34TXrKw6tvAGu8**
**Tuilleadh eolais le fáil ar www.galwaytheatrefestival.com. Más spéis leat a bheith páirteach seol rphost chuig galwaytheatrefestival@gmail.com**
**Maoinaithe ag an gComhairle Ealaíon le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta**

the arts council
an chomhairle ealaíon
cistiú na healaíona
artscouncil.ie

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

Údarás na Gaeltachta